Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**7879/22**

**LIMITE**

**CORLX 313**
**CFSP/PESC 437**
**RELEX 432**
**COEST 260**
**FIN 390**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0109(NLE)**

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2022) 8 final |
| Ábhar: | Togra comhpháirteach le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2022) 8 final.

Faoi iamh: JOIN(2022) 8 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

PUBLIC

An Bhruiséil, 5.4.2022
JOIN(2022) 8 final

2022/0109 (NLE)
**SENSITIVE***

Togra comhpháirteach le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin tugtar éifeacht do bhearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.

(2) An XXX 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh XXXX lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES lena dtugtar isteach roghanna breise maolaithe ón reo sócmhainní agus an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine agus eintitis ainmnithe.

(3) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do na bearta sin i ndlí an Aontais.

(4) Molann Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus an Coimisiún Eorpach Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin.

PUBLIC

2022/0109 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de

Ag féachaint do Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin[1],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin tugtar éifeacht do bhearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.

(2) An XX YY 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh XXX lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES lenar tugadh isteach roghanna breise maolaithe ón reo sócmhainní agus an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine agus eintitis ainmnithe.

(3) Tagann na leasuithe sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle mar a leanas:

(1) In airteagal 4, cuirtear isteach mír 1, pointe e) mar a leanas:

[1] IO L 078, 17.3.2014, lch. 16.

‘e) go bhfuil siad le híoc isteach i gcuntas de chuid misin taidhleoireachta nó poist chonsalaigh nó eagraíochta idirnáisiúnta nó ón gcuntas sin a bhfuil díolúintí aige i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a mhéid atá sé ceaptha na híocaíochtaí sin a úsáid chun críocha oifigiúla an mhisin taidhleoireachta nó an phoist chonsalaigh nó na heagraíochta idirnáisiúnta.’

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6b:

*‘Airteagal 6b*

1. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát a údarú go scaoilfí cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a bhaineann leis na heintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 53, 54 agus 55 in Iarscríbhinn I, nó go gcuirfí ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe do na heintitis sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó acmhainní eacnamaíocha sin chun foirceannadh a dhéanamh faoin 24 Lúnasa 2022, ar oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile, lena n-áirítear caidrimh bhaincéireachta chomhfhreagracha, a tugadh i gcrích leis na heintitis sin roimh an 23 Feabhra 2022.

2. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát a údarú go scaoilfí cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a bhaineann leis na heintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála X, Y, Z in Iarscríbhinn I, nó go gcuirfí ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe do na heintitis sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó acmhainní eacnamaíocha sin chun foirceannadh a dhéanamh *(sé mhí tar éis an dáta glactha)*, ar oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile, lena n-áirítear caidrimh bhaincéireachta chomhfhreagracha, a tugadh i gcrích leis na heintitis sin roimh an *(dáta glactha)*.’

3. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, a údarú go scaoilfí cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe, nó go gcuirfí ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil gá leis na cistí nó acmhainní eacnamaíocha chun go ndíolfar agus go n-aistreofar faoin *(sé mhí tar éis an dáta glactha)* cearta dílseánaigh i nduine dlisteanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas i gcás ina bhfuil na cearta dílseánaigh sin faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I; agus

(b) go bhfanann na fáltais ó dhíol nó aistriú den sórt sin reoite.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.



PUBLIC

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC